

Splanc 2021-2022



Script 2

Fógra a hAon

Fógra é seo do sheandaoine ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Moltar daoibh clárú do scéim saorthaistil uile-Éireann mura bhfuil déanta agaibh cheana féin. Tá an scéim seo ar fáil le blianta fada anois. Má tá seasca is a sé bliana bainte amach agat, tá cead agat taisteal ar fud oileán na hÉireann saor in aisce le hIarnród Éireann nó le Bus Éireann. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag an seoladh idirlín, www.eolasdoshaoirnaigh.ie.

Fógra a Dó

Deirdre anseo ó Ionad na Gaeilge Labhartha, Ollscoil na Gaillimhe. Is mian liom gearrchúrsa píolótach in iriseoireacht na Gaeilge a fhógairt. Is é aidhm an chúrsa ná oiliúint phraiticiúil a thabhairt do mhic léinn san iriseoireacht raidió agus teilifíse – mar atá ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus TG4. Cúrsa ocht seachtaine, dhá uair an chloig in aghaidh na seachtaine, atá i gceist – agus é ag tosú Dé Luain an chéad lá de mhí na Samhna. Is é costas an chúrsa ná ochtó euro.

CUID B

Comhrá a hAon – An Chéad Mhír

- Cáit** Fáilte go clár na hoíche anocht, a dhaoine uaisle. I mo theannta anois tá laoch iomána chathair Chorcaí, Tomás Ó Murchú. Hi, a Thomáis. Is deas uait a bheith sásta teacht ar an gclár seo.
- Tomás** Go raibh míle maith agat, a Cháit. Ní chaillfinn deis mar seo ar ór ná ar airgead! An bhfuil a fhios agat – bhí camán i mo lámh agam ó bhí mé cúig bliana d’aois! Bhuaigh mé craobhacha le mo chlub áitiúil, le mo chuid scoileanna, le hOllscoil Chorcaí agus le mo chontae dúchais – Corcaigh!
- Cáit** Bhuel, nach iontach an fear thú! Cad é an cluiche is mó a sheasann amach i do chuimhne?
- Tomás** Cluiche ceannais an chontae, dhá mhíle is a dó dhéag, gan dabht, a Cháit. Tharla raic mar gheall ar imreoir a d’aistrigh chugainn ó chlub eile. Cuireadh ina leith gur imreoir mídhleathach é, ach ní raibh riail d’aon sórt á sárú aige.

An Dara Mír

- Cáit** Tá foirne iomána Chorcaí thar n-ais i mbéal an phobail arís – nach bhfuil, a Thomáis?
- Tomás** Tá, gan dabht – agus is maith san. Bhí an iomáint riamh láidir i gCorcaigh, go háirithe sa chathair – agus d’éirigh go réasúnta maith le foireann shinsearach an chontae agus leis na foirne faoi aois.
- Cáit** Aon rud nach dtaitníonn leat faoi chúrsaí spóirt in Éirinn inniu?
- Tomás** Bhuel, is eagal liom go bhfuil nasc róláidir idir cúrsaí ólacháin agus cúrsaí spóirt. Bíonn baint rómhór ag ólachán le hócáidí ceiliúrtha i gcúrsaí spóirt. Ní thaitníonn sé sin liom in aon chor.
- Cáit** Ná liomsa ach oiread. Go raibh maith agat, a Thomáis.

Comhrá a Dó - An Chéad Mhír

- Uncail Peadar** Fan bomaite, a chailín. Caidé an deabhadh atá ortsa ar maidin, a Cháit Ní Dhomhnaill?
- Cáit** Bhuel, bhuel, bhuel! Cé a chreidfeadh é seo? Uncail Peadar ó Leitir Ceanainn! Caidé mar atá tú, cé bith, a Pheadair?
- Uncail Peadar** Ní mhothaím go ró-iontach, a Cháit. Ach cén mhaith a bheith ag gearán? Pianta ar fud mo choirp agam, ach deir an Dochtúir Mac Suibhne nach bhfuil aon leigheas ar an scéal. Caidé mar atá tú féin?
- Cáit** Iontach gnóthach faoi láthair, a Pheadair. Beidh mé ag pilleadh ar Ollscoil na Banríona, Béal Feirste amárach. Caithfidh mé éadaí úra agus fearas spóirt a cheannach sula n-imí mé.



An Dara Mír

- Uncail Peadar** Ó, tá mise go mór in éad leat, a Cháit. Is iontach an saol a bhíonn ag déagóirí an lae inniu. Nuair a bhí mise i mo dhéagóir, ní raibh aon seans agam dul chuig meánscoil – gan trácht ar choláiste tríú leibhéal.
- Cáit** Stad anois, a Pheadair. Tá an scéal seo cloiste agam míle uair ar a laghad. Tuigeann tú go maith go mbíonn fadhbanna le sárú ag déagóirí na linne seo.
- Uncail Peadar** Leoga!
- Cáit** Leoga! ní gá duit a bheith searbhach liom. Smaoinigh ar bhrú na scrúduithe, ar bhulaíocht ar líne, ar easpa airgid agus ar fhoréigean ar na sráideanna. An gá dom aon rud eile a rá?
- Uncail Peadar** Ní gá. Sin an bus. Caithfidh mé imeacht anois. Seo fiche euro duit mar chuidiú le do chuid siopadóireachta. Tabhair aire mhaith duit féin agus abair le Mam agus Daid go raibh mé ag cur a dtuairisce.
- Cáit** Ó, go raibh míle maith agat, a Uncail Peadar.

CUID C

Píosa a hAon (Connachta)

Dea-scéal do mhuintir Chonamara ó Údarás na Gaeltachta. Oslófar monarcha nua ar an gCeathrú Rua roimh dheireadh na bliana agus obair ar fáil ann do bhreis is céad duine. Tosóidh feachtas earcaíochta go luath. Comhlacht Gearmánach a bheidh i mbun na monarchan agus tuairiscítear gur earraí leictreonacha a bheidh á soláthar ann. Is cosúil go n-ardófar líon na ndaoine a bheidh fostaithe ann amach anseo má éiríonn go maith leis an monarcha le linn na chéad bhliana.

Píosa a Dó (Mumhain)

Ní mó ná sásta atá muintir Lios Póil faoi láthair – mar tá easpa áiseanna de gach sórt ag cur as go mór dóibh. Bhí halla nua pobail geallta dóibh le fada an lá, ach de réir dealraimh, ní bheidh a leithéid acu go ceann i bhfad. Tá inní mhór ar mhuintir na háite faoi easpa áiseanna do dhaoine óga. An t-aon áit is féidir leo dul istoíche ná an tigh tábhairne. Léiríodh inní freisin go bhfuil go leor daoine, seanóirí ach go háirithe, ina gcónaí i bhfad ó shiopaí, ó sheirbhísí dochtúra, cógaslainne, sláinte agus eile.

Scéal Grafach - Drochlá san Oifig!

Cuid a dó

‘Níor thóg mise aon airgead,’ ar seisean.

‘Níl mé ag rá gur thóg,’ arsa an bainisteoir. ‘Ach, mar sin féin, tá sé imithe.’

Bhí inní mhór ar Dhaire. Níor thóg sé aon airgead ón scipéad, ach an gcreidfeadh an bainisteoir é sin? Cad déarfadh Fiadh dá gcuirfí gadaíocht ina leith?

‘Seiceálfaidh mé na ceamaraí slándála,’ arsa an bainisteoir.

Thug sé sin faoiseamh beag do Dhaire. Chruthódh na ceamaraí nach raibh baint ná páirt aige leis an ngadaíocht.

Chuaigh an bheirt acu go dtí an oifig agus thosaigh siad ag breathnú ar thaifead an lae. Ní raibh aon rud as cosán go dtí gur tháinig siad chuig an bpíosa a thaispeáin Tiarnán ag teacht isteach sa siopa.

Bhreachnaigh Daire air féin agus ar Thiarnán ag comhrá le chéile ar feadh cúpla nóiméad. Ansin chonaic sé an custaiméir a tháinig chuige ag lorg cabhrach. Chonaic sé é féin ag siúl chuig ceann de na seastáin léi agus Tiarnán ag imeacht.

Ansin, thit croí Dhaire. Agus Tiarnán ag fágáil an tsiopa, chuir sé a lámh taobh thiar den chuntar agus thóg rud éigin sular imigh sé amach an doras.

‘Sin an gadaí,’ a dúirt an bainisteoir. ‘Tá sé againn. An bhfuil aithne agat air?’

Ní raibh a fhios ag Daire cad ba cheart dó a rá. An bhféadfadh sé sceitheadh ar a chara?

‘Níl... aithne agam air...’ a dúirt sé. ‘Custaiméir ba ea é. Chuir sé ceist orm faoi chlogad iománaíochta, ach dúirt mé leis nach raibh aon cheann fágtha againn.’

D’fhéach bainisteoir an tsiopa air go neamhchinnte. Níor chreid sé go raibh an fhírinne iomlán á insint ag Daire.

‘B’in am an-fhada le bheith ag caint le duine, nach raibh clogad agat dó.’

‘Bhuel, d’ofráil mé ceann a ordú isteach dó, ach bhí ceann de dhíth air go práinneach agus d’fhiafraigh sé díom an mbeadh ceann ar fáil in aon siopa eile. Thug mé an t-eolas dó agus, ansin, labhraíomar ar feadh nóiméad nó dhó faoin tsraith iománaíochta... Sin a bhfuil. Níl aithne agam air.’

Níor thaitin le Daire a bheith ag insint bréag do bhainisteoir an tsiopa, ach bhí cairdeas idir é féin agus Tiarnán ó bhí siad óg agus dílseacht aige dó dá réir, in ainneoin an drochrud a bhí déanta aige.

Cé go raibh bainisteoir an tsiopa in amhras faoi scéal Dhaire, ní raibh sé ábalta a chruthú nach mar sin a tharla.

‘Bhuel, beidh orm an fiseán seo a thaispeáint do na gardaí, pé scéal é. Réiteoidh siadsan an scéal.’

Thit croí Dhaire. Is cinnte go mbeadh na gardaí ag iarraidh labhairt leisean. An mbeadh sé ábalta bréag a insint dóibh? An dtiocfadh an scéal ar fad amach agus an mbeadh trioblóid ní ba mhó ann dó?